

Aonad 1 – Ceacht 5



Riachtanais Vs Mianta Cás-Staidéar – Seán

I ngrúpaí, smaoinigh faoi na himeachtaí éagsúla a tharlaíonn de réir mar a théann daoine in aois. Cén aois a bhíonn ar dhaoine, dar libh, nuair a tharlaíonn na himeachtaí seo? Líon isteach iad ar an amlíne thíos, bunaithe ar an am, dar libh, a tharlaíonn siad. Tabharfaidh seo tuiscint ar an bpleanáil atá de dhíth ina leith.



Rinne me plan den mhéid a bheidh á chaitheamh agam gach seachtain san ollscoil agus is mór an méid é! Go hiondúil, ceannóidh mé lóin (€15), dinnéir (€15), sneaiceanna (€10) agus deochanna (€5) gach seachtain. Is breá liom ceol agus scannáin, mar sin ceapaim go gcaithfidh mé timpeall €40 orthu gach coicís. Cosnóidh m'fhón ar a laghad €10 gach seachtain. Is breá liom aipeanna a cheannach freisin, mar sin caithfidh mé timpeall €5 orthu go seachtainiúil. Agus sin sula dtéim amach le mo chairde!

Seachas obair, tá plananna eile agam don samhradh freisin. Beidh mé ag dul ar laethanta saoire le mo chlann go dtí an Clochán ar feadh seachtaine i mí Iúil. Íocfaidh mo thuismitheoirí as an gcuid is mó mar 'chomhghairdeas' as an Ardteist a chríochnú. Ciallaíonn sin nach mbeidh ach thart ar €150 ag teastáil uaim.

Tá breithlá ag mo chailín i mí Lúnasa freisin. Mar sin, beidh orm airgead a chur ar leataobh ina leith. Táim ag iarraidh bronntanas deas a cheannach di agus í a thabhairt amach freisin. Déarfainn go mbeidh ar a laghad €90 ag teastáil dá bharr.



Ach an rud is mó an samhradh seo ná an Debs. Beidh mé ag obair ar feadh naoi seachtaine roimhe sin, mar tá sé ar siúl i mí Mheán Fómhair. Beidh ticéid agus culaith de dhíth – agus is iad is costasaí. Ach beidh orm íoc as Limo freisin, le ceathrar cairde. Beidh orm bearradh gruaige a fháil, bláthanna a cheannach do mo chailín, agus a máthair! Agus is cinnte go mbeidh airgead de dhíth don oíche féin, mar aon leis an tacsáí abhaile. Tá sé ar siúl in óstán atá i bhfad uainn, mar sin beidh sé costasach.



Ina dhiaidh sin, ní bheidh mórán ama fágtha sula dtéim go dtí an ollscoil. Measaim go mbeidh timpeall €400 uaim ina leith. Mar beidh airgead uaim don chíos agus le leabhair a cheannach. Ach níl cinnte conas airgead a shábháil dá réir. Déarfainn go mbeidh orm post páirtaimseartha a fháil agus mé ag freastal ar an ollscoil, ach táim ag iarraidh airgead a shábháil gach seachtain roimhe sin. Tá súil agam gur leor an €400 go dtí go bhfaighidh mé post. Ach, ní mise an duine is fearr ag sábháil airgid. Táim ag ceapadh go gcaithim timpeall €80 in aghaidh na seachtaine faoi láthair, ach n'fheadar in aon chor cá dtéann sé!

